Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12448/25

LIMITE

CORLX 852
CFSP/PESC 1270
RELEX 1109
COLAC 134

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2019/1716 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2019/1716**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua[1], agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

[1] IO L 262, 15.10.2019, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1716/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/1716.

(2) Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, ba cheart an ráiteas ar chúiseanna maidir le beirt daoine nádúrtha a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716, faoin teideal 'A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 7 agus 9:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '7. | Rosario María MURILLO ZAMBRANA<br><br>Ailias: Rosario María MURILLO DE ORTEGA | Post/poist: Comh-Uachtarán Phoblacht Nicearagua (ó mhí Feabhra 2025, Leas-Uachtarán roimhe seo, ó 2017). Bean chéile an Uachtaráin, Daniel Ortega<br><br>Dáta breithe: 22 Meitheamh 1951<br><br>Áit bhreithe: Managua, Nicearagua<br><br>Inscne: baineann<br><br>Náisiúntacht: Nicearaguach<br><br>Uimhir phas: A00000106 (Nicearagua) | Comh-Uachtarán Nicearagua ó mhí Feabhra 2025, Céadbhean Nicearagua agus ceannaire an Sandinista Youth. Leas-Uachtarán Nicearagua ó mhí Eanáir 2017 go mí Feabhra 2025. Bhí ról lárnach aici maidir leis an gcos ar bolg a rinne Póilíní Náisiúnta Nicearagua ar léirsithe an fhreasúra in 2018 a spreagadh agus údar a thabhairt leis. I mí an Mheithimh 2021, bhagair sí go poiblí ar fhreasúra Nicearagua agus chaith sí amhras ar iriseoirí neamhspleácha. Rinneadh na bagairtí sin arís agus arís eile ó shin i leith. I mí Feabhra 2023, nocht Daniel Ortega gurb í Rosario María Murillo Zembrana an duine a chur tús leis an gcos ar bolg nua, eadhon cos ar bolg a bhaineann le 222 phríosúnach pholaitiúla a dhíbirt agus a saoránacht a bhaint díobh.<br><br>Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach agus as an mbonn a bhaint den daonlathas i Nicearagua. | 2.8.2021 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 9. | Juan Antonio VALLE VALLE | Post/poist: Ceannaire i Nicaraguan National Police (Póilíní Náisiúnta Nicearagua)<br><br>Céim: Ginearálta/Coimisinéir Sinsearach<br><br>Dáta breithe: 4 Bealtaine 1963<br><br>Áit bhreithe: Matagalpa, Nicearagua<br><br>Inscne: fireann<br><br>Náisiúntacht: Nicearaguach | Ina cháil mar cheannaire ar chéim coimisinéara shinsearaigh (an dara céim is airde) de Nicaraguan National Police (Póilíní Náisiúnta Nicearagua) agus ina cháil ceannaireachta, go dtí mí Feabhra 2025, sna póilíní in Managua, tá Juan Antonio Valle Valle freagrach as gníomhartha brúidiúlachta a rinne na póilíní arís agus arís eile agus as úsáid iomarcach an fhornirt dar toradh bás na gcéadta sibhialtach, agus tá sé freagrach as daoine a ghabháil agus a choinneáil go treallach, as sáruithe ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh agus as léirsithe i gcoinne an rialtais a chosc.<br><br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Nicearagua. | 2.8.2021’ |

PUBLIC